AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.4.2020
COM(2020) 310 final

2020/0066 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear (AE) Uimh. 575/2013 agus (AE) 2019/876 maidir le coigeartuithe mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Bunaítear le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013[1] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil nó CRR) in éineacht le Treoir 2013/36/AE[2] (an Treoir maidir le Ceanglais Chaipitil nó CRD) an creat rialála stuamachta le haghaidh institiúidí creidmheasa atá ag oibriú san Aontas. Glacadh CRR agus CRD tar éis ghéarchéim airgeadais 2008-2009 chun cur le hathléimneacht na n-institiúidí atá ag oibriú in earnáil airgeadais an Aontais, athchóiriú a bhí bunaithe den chuid is mó ar chaighdeáin dhomhanda a comhaontaíodh le comhpháirtithe idirnáisiúnta an Aontais, go háirithe Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht (CBMB).

Leasaíodh CRR ina dhiaidh sin chun dul i ngleic le laigí a bhí sa chreat rialála stuamachta fós agus chun go gcuirfí chun feidhme roinnt eilimintí den athchóiriú domhanda seirbhísí airgeadais nár cuireadh chun feidhme go fóill agus a bhí ríthábhachtach chun athléimneacht na n-institiúidí a áirithiú. I measc roinnt athruithe a rinneadh ina dhiaidh sin, cuireadh isteach in CRR le Rialachán (AE) 2017/2395[3] socruithe idirthréimhseacha chun go maolófaí an tionchar ar chistí dílse a bheidh ag tabhairt isteach an chaighdeáin nua cuntasaíochta, Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais – Ionstraimí Airgeadais (IFRS 9). Le Rialachán (AE) 2019/630[4] tugadh isteach in CRR ceanglas go mbeadh cumhdach caillteanais íosta ann le haghaidh risíochtaí neamhthuillmheacha (an cúlstop stuamachta, mar a thugtar air). Thairis sin, le Rialachán (AE) 2019/876[5] (CRR II) cuireadh le CRR cuid de na heilimintí críochnaitheacha de na hathchóirithe idirnáisiúnta (creat Basel III arna thabhairt chun críche), lena mbaineann i dteannta eilimintí eile, sainmhíniú nua maidir leis an gcóimheas luamhánaithe agus maolán cóimheasa luamhánaithe, lena gcuirfear cosc ar institiúidí an luamhánú a mhéadú an iomarca. Leis an Rialachán deireanach sin tugadh isteach freisin in

---

1 Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa.

2 Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

3 Rialachán (AE) 2017/2395 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir leis na socruithe idirthréimhseacha leis an tionchar a bheidh ag tabhairt isteach IFRS 9 ar chistí dílse a mhaolú agus le haghaidh láimhseáil risíochtaí móra i gcás risíochtaí áirithe san earnáil phoiblí atá ainmnithe in airgeadra intíre Ballstáit ar bith (I OL 345, 27.12.2017, lch. 27).

4 Rialachán (AE) 2019/630 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a mhéid a bhaineann le cumhdach caillteanais íosta le haghaidh risíochtaí neamhthuillmheacha (I OL 111, 25.4.2019, lch. 4).

5 Rialachán (AE) 2019/876 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a mhéid a bhaineann leis an gcóimheas luamhánaithe, leis an gcóimheas glanchistiúcháin chobhsaí, leis na ceanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe, leis an bpriacal creidmheasa contrapháirtí, leis an bpriacal margaidh, leis na risíochtaí ar chontrapháirtithe lárnacha, leis na risíochtaí ar ghnóthais chomhinfheistíochta, leis na risíochtaí móra, leis na ceanglais tuairiscithe agus nochta, agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (I OL 150, 7.6.2019, lch. 1).

CRR láimhseálacha stuamachta níos fabhraí do shócmhainní bogearraí áirithe, d'iasachtaí áirithe a bhfuil pinsin mar thaca leo agus iasachtaí áirithe a bhfuil tuarastail mar thaca leo, agus d'iasachtaí d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus tionscadail bhonneagair chomh maith.

Tá an suaitheadh tromchúiseach eacnamaíoch atá ag eascairt as paindéim COVID-19 agus na bearta imshrianta eisceachtúla a bhaineann léi ag imirt tionchar forleathan ar an ngeilleagar. Tá aghaidh á tabhairt ag gnólachtaí ar chur isteach ar shlabhraí soláthair, gnóthaí a bheith ag dúnadh go sealadach agus éileamh laghdaithe, agus ag teaghlaigh ar dhífhostaíocht agus laghdú ioncaim. Tá bearta cinntitheacha déanta ag údaráis phoiblí ar leibhéal an Aontais agus na mBallstát chun tacú le teaghlaigh agus gnóthais shócmhainneacha an fód a sheasamh in aghaidh an mhoillithe thromchúisigh sin ar ghníomhaíocht eacnamaíoch, ar moilliú sealadach é, agus in aghaidh na nganntanas leachtachta a eascróidh as. De bharr na n-athchóirithe a rinneadh tar éis ghéarchéim airgeadais 2008, tá institiúidí creidmheasa dea-chaipitlithe agus i bhfad níos athléimní sa lá inniu ná mar a bhí in 2008. Cuireann sin ar a gcumas ról ríthábhachtach a imirt maidir leis an suaitheadh eacnamaíoch a eascraíonn as paindéim COVID-19 a bhainistiú. Mar sin féin, is cinnte go n-imreofar tionchar ar an earnáil bhaincéireachta de dheasca éiginnteacht maidir le luas an téarnaimh sa ghníomhaíocht eacnamaíoch.

Mar fhreagra ar na himthosca nua, tá faoiseamh sealadach caipitil agus oibriúcháin curtha ar fáil ag údaráis inniúla ar fud an Aontais chun coinníollacha fabhracha a áirithiú le haghaidh institiúidí creidmheasa ionas go leanfaidh siad den iasachtú le linn phaindéim COVID-19. Dá bhrí sin tá sé tábhachtach go gcuirtear caipiteal ar fáil sna háiteanna is mó a bhfuil gá leis agus go bhfuil idirghníomhaíocht lánréidh idir an creat stuamachta agus na bearta éagsúla lena dtugtar aghaidh ar phaindéim COVID-19. Le CRR tugtar saoirse leordhóthanach do bhainc tacú le tionscnaimh phoiblí agus phríobháideacha le go leanfar den iasachtú agus é a chur chun cinn i gcomhthéacs COVID-19, agus áirithítear cur chuige stuama san am céanna. Cuirtear síos ar an tsolúbthacht atá leabaithe in CRR sa teachtaireacht léirmhínitheach ón gCoimisiún an 27 Aibreán 2020[6] maidir le cur i bhfeidhm na gcreataí cuntasaíochta agus stuamachta chun iasachtaí bainc san Aontas a éascú le linn COVID-19.

Chomh maith le lánúsáid a bhaint as an tsolúbthacht a cheadaítear sa chreat atá ann cheana, tá roinnt athruithe teoranta ar ghnéithe sonracha de CRR riachtanach chun go n-uasmhéadófar cumas institiúidí creidmheasa iasachtaí a thabhairt agus caillteanais a bhaineann le paindéim COVID-19 a sheasamh, agus go n-áiritheofar athléimneacht leanúnach na n-institiúidí sin ag an am céanna. Thairis sin, ar an leibhéal idirnáisiúnta, tá sé aontaithe ag CBMB moill bliana a chur ar an spriocdháta le haghaidh na n-eilimintí críochnaitheacha de chreat Basel III a chur chun feidhme, ar ionchorpraíodh eilimintí áirithe díobh in CRR cheana[7], agus tá sé aontaithe freisin go mbeidh solúbthacht bhreise ann maidir le céimniú isteach thionchar IFRS 9 ar chaipiteal. Ní mór na hathruithe sin a léiriú sna rialacha atá ann.

Ar an gcéad dul síos, tá sé riachtanach go gcoigeartófar na socruithe idirthréimhseacha lena gceadaítear d'institiúidí creidmheasa an tionchar a imríonn soláthar do chaillteanas chreidmheasa ionchasach faoi IFRS 9 ar a gcistí dílse a mhaolú. Leis an gcoigeartú sin

6 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle - Teachtaireacht Léirmhínitheach ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm na gcreataí cuntasaíochta agus stuamachta chun iasachtú bainc san Aontas a éascú - Tacú le gnólachtaí agus teaghlaigh le linn COVID-19, COM(2020)169 an 28.04.2020.

7 Leis an gcur ar atráth, cumhdaítear idir na rialacha athbhreithnithe maidir le riachtanais chaipitil bunaithe ar phriacal agus na rialacha athbhreithnithe maidir leis an gcóimheas luamhánaithe.

cheadófaí d'institiúidí creidmheasa maolú níos fearr a dhéanamh i leith an tionchair a bheadh ag aon mhéadú féideartha sa soláthar do chaillteanas creidmheasa ionchasach a tharlódh de dheasca meathlúchán ar cháilíocht chreidmheasa risíochtaí institiúidí creidmheasa, meathlúchán arb iad iarmhairtí eacnamaíocha phaindéim COVID-19 ba chúis leis.

Ar an dara dul síos, chun an tionchar a bheidh ag ráthaíochtaí a bhaineann le COVID-19 a chur san áireamh, ní mór na rialacha maidir le cumhdach caillteanais íosta do risíochtaí neamhthuillmheacha a choigeartú chun an láimhseáil is infheidhme faoi láthair maidir le risíochtaí neamhthuillmheacha arna ráthú nó arna n-árachú ag gníomhaireachtaí creidmheasa onnmhairiúcháin a leathnú chun risíochtaí neamhthuillmheacha a thiocfadh chun cinn mar thoradh ar phaindéim COVID-19 a chumhdach agus a chumhdaítear leis na scéimeanna ráthaíochta éagsúla arna leagan síos ag Ballstáit. D'aithneofaí leis sin na saintréithe comhchosúla atá i bpáirt ag ráthaíochtaí a bhaineann le gníomhaireachtaí creidmheasa onnmhairiúcháin agus ráthaíochtaí a bhaineann le COVID-19.

Ar an tríú dul síos, ní mór modhnú a dhéanamh maidir leis an sásra fritháirimh a bhaineann le lánrogha an údaráis inniúil ceadú d'institiúidí creidmheasa risíochtaí i bhfoirm cúlchistí bainc ceannais a eisiamh go sealadach ó ríomh na riachtanas maidir leis an gcóimheas luamhánaithe. D'áiritheofaí leis sin go stiúrfadh institiúidí creidmheasa go héifeachtach chuig an ngeilleagar bearta leachtachta arna soláthar ag bainc cheannais i gcomhthéacs géarchéime.

Ar an gceathrú dul síos, tá sé riachtanach go gcuirfear siar, i gcomhréir le cinneadh CBMB, dáta chur i bhfeidhm an cheanglais nua go mbeidh maolán cóimheasa luamhánaithe ann. Leis sin shaorfaí acmhainn oibríochtúil institiúidí creidmheasa agus cheadófaí dóibh díriú ar na dúshláin níos práinní a bhaineann le paindéim COVID-19.

Ar an gcúigiú dul síos, ní mór dátaí cur i bhfeidhm cuid de na sochair chaipitil a bheartaítear in CRR ach nach bhfuil infheidhme go fóill a thuar, is é sin le rá na forálacha maidir le láimhseáil sócmhainní bogearraí áirithe, na forálacha maidir le hiasachtaí áirithe a bhfuil pinsin nó tuarastail mar thaca leo, an fachtóir tacaíochta athbhreithnithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus an fachtóir tacaíochta nua le haghaidh airgeadas bonneagair. Dá ndéanfaí dáta chur i bhfeidhm an dá fhachtóir tacaíochta a thabhairt chun tosaigh, is é sin láimhseáil fhabhrach sócmhainní bogearraí áirithe agus láimhseáil fhabhrach iasachtaí áirithe a bhfuil pinsin nó tuarastail mar thaca leo, shaorfaí cistí dílse institiúidí agus cheadófaí dóibh dá réir borradh a chur faoin iasachtú, rud a bhfuil géarghá leis le linn phaindéim COVID-19 agus ina diaidh.

Leis na hathruithe sin atá molta, ní dhéanfar athrú bunúsach ar an gcreat rialála stuamachta. Cuid den fhreagairt atá ar bun ag an gCoimisiún atá iontu chun dul i ngleic leis an éigeandáil atá ann de dheasca phaindéim COVID-19. Leis na coigeartuithe sin ar an gcreat stuamachta d'éascófaí iarrachtaí comhchoiteanna arb é ab aidhm dóibh tionchar na paindéime a mhaolú agus gluaiseacht dá réir i dtreo téarnamh tapa.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tugtar isteach leis an togra seo leasuithe ar reachtaíocht atá ann cheana. Tá na leasuithe sin go hiomlán comhsheasmhach leis na forálacha beartais atá ann cheana i réimse na gceanglas stuamachta d'institiúidí agus dá maoirseacht, lena n-áirítear an Teachtaireacht Léirmhínitheach ón gCoimisiún a glacadh an tráth céanna leis an togra seo. Tá siad go hiomlán comhsheasmhach freisin le rialacha cuntasaíochta an Aontais, go háirithe le Rialachán (AE) 2016/2067 an 22 Samhain 2016 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1126/2008 lena nglactar caighdeáin áirithe idirnáisiúnta cuntasaíochta i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le

IFRS 9. Comhlántar leis an togra seo bearta a rinne an Banc Ceannais Eorpach, an tÚdarás Baincéireachta Eorpach agus údaráis inniúla náisiúnta sa réimse sin.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra seo mar chuid d'fhreagairt níos leitheadaí an Choimisiúin Eorpaigh ar phaindéim COVID-19. Tá ról lárnach ag an gCoimisiún Eorpach agus ag an mBanc Ceannais Eorpach éifeachtacht na mbeart a áirithiú, bearta arna nglacadh ag na Ballstáit. Tá siad go hiomlán comhsheasmhach leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le gnéithe eacnamaíocha de ghéarchéim an choróinvíris a eisíodh an 13 Márta 2020[8], agus le 'COVID 19 – Pacáiste eacnamaíoch – Gach Euro atá ar fáil a úsáid' a seoladh an 2 Aibreán 2020[9].

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra bunaithe ar Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, an bunús dlí céanna atá leis na gníomhartha reachtacha atá á leasú.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Na cuspóirí a shaothraítear leis na leasuithe atá beartaithe, mar atá cumas institiúidí creidmheasa a uasmhéadú maidir le hiasachtaí a thabhairt agus caillteanais a bhaineann le paindéim COVID-19 a sheasamh, agus athléimneacht leanúnach na n-institiúidí sin a áirithiú ag an am céanna, is fearr is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais seachas trí thionscnaimh náisiúnta éagsúla toisc go mbaineann na leasuithe leis na dátaí cur i bhfeidhm atá ag dlíthe de chuid an Aontais nó gur coigeartuithe iad ar dhlíthe de chuid an Aontais atá ann cheana mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19. Is ionann na fadhbanna agus na bunchúiseanna atá leo ar fud na mBallstát ar fad. Murach gníomhaíocht ón Aontas ní bheadh an creat rialála atá ann chomh héifeachtach maidir le tacú leis na bearta éagsúla atá déanta ag údaráis phoiblí ar leibhéal an Aontais agus an leibhéal náisiúnta araon, ná ní bheadh sé chomh fhrithghníomhach maidir le dúshláin eisceachtúla margaidh.

Tá srian ar chumas na mBallstát bearta náisiúnta a ghlacadh, os rud é go rialaíonn CRR na cúrsaí sin cheana, agus go dtiocfadh athruithe ar an leibhéal náisiúnta salach ar dhlí de chuid an Aontais atá i bhfeidhm faoi láthair. Dá n-éireodh an tAontas as na gnéithe sin a rialáil, thiocfadh an margadh inmheánach do sheirbhísí baincéireachta faoi réir sraitheanna éagsúla rialacha, rud arb é ilroinnt an toradh a bheadh air agus a bhainfeadh an bonn den leabhar rialacha aonair a cruthaíodh le déanaí sa réimse sin.

- **Comhréireacht**

Teastaíonn gníomhaíocht seo an Aontais chun go mbainfear amach an cuspóir go n-uasmhéadófar cumas institiúidí creidmheasa iasachtaí a thabhairt agus caillteanais a sheasamh le linn phaindéim COVID-19, agus go gcoinneofar comhsheasmhacht an chreata stuamachta ar bun ag an am céanna. Ní théann na leasuithe atá beartaithe níos faide ná

[8] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta agus chuig an nGrúpa Euro maidir le Freagairt eacnamaíoch chomhordaithe ar ráig COVID-19, COM(2020) 112 final an 13.03.2020.

[9] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an bhFreagairt ar an gCoróinvíreas - Gach Euro atá ar fáil a úsáid ar gach bealach is féidir chun beatha daoine agus slite beatha a chosaint, COM(2020) 143 final an 02.04.2020.

aghaidh a thabhairt ar fhorálacha roghnaithe i gcreat stuamachta an Aontais le haghaidh institiúidí creidmheasa, forálacha nach ndírítear leo ach ar bhearta arb é is aidhm dóibh téarnamh ó phaindéim reatha COVID-19 a áirithiú. Thairis sin, tá na leasuithe atá beartaithe teoranta do na saincheisteanna sin nach féidir aghaidh a thabhairt orthu taobh istigh den chorrlach lánroghnach dá bhforáiltear leis na rialacha reatha.

3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

Níl measúnú tionchair ar leith ag gabháil leis an togra seo, os rud é nach n-athraítear leis an togra na gnéithe bunúsacha de CRR agus nach bhforchuirtear oibleagáidí nua ar na páirtithe lena mbaineann. Thairis sin, rinneadh anailís ar thionchar na mbeart atá á leasú leis an togra seo sna measúnuithe tionchair a rinneadh le haghaidh Rialachán (AE) 2017/2395, Rialachán (AE) 2019/876 agus Rialachán (AE) 2019/630 lena leasaítear CRR maidir le gnéithe a chumhdaítear leis an togra seo. Is é is aidhm don togra go príomha iarchurtha a sholáthar, ar chúiseanna eisceachtúla i gcomhthéacs phaindéim reatha COVID-19, maidir le dáta cur i bhfeidhm forálacha áirithe de chuid CRR, nó cur i bhfeidhm beart a d'fhuasclódh bainc ó roinnt ceanglas caipitil a thuar, nó láimhseáil stuamachta risíochtaí áirithe i bhfianaise na n-imthosca eisceachtúla atá cruthaithe ag paindéim COVID-19 a shonrú.

Bheadh tionchar teoranta ag na leasuithe atá beartaithe ar an ualach riaracháin atá ar bhainc agus ar na costais a bheadh orthu a n-oibríochtaí inmheánacha a chur in oiriúint, agus coinne leis go ndéanfar costais a fhritháireamh le sochair arna ndíorthú i dtéarmaí infhaighteachta caipitil. Baineann na leasuithe atá beartaithe le forálacha lena gcuirtear ar chumas banc láimhseálacha níos fabhraí a úsáid, ach nach bhforchuireann orthu a leithéid de láimhseálacha.

- **Cearta bunúsacha**

Tá an tAontas tiomanta d'ardchaighdeáin i dtaca le cosaint na gceart bunúsach agus tá raon leathan coinbhinsiún maidir le cearta an duine sínithe aige. Sa chomhthéacs seo, ní dócha go mbeidh tionchar díreach ag an togra ar na cearta seo, a liostaítear i bpríomhchoinbhinsiúin na Náisiún Aontaithe maidir le cearta an duine, i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, atá mar dhlúthchuid de Chonarthaí an Aontais, agus sa Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon tionchar buiséadach ag an togra ar institiúidí an Aontais.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Socruithe idirthréimhseacha chun maolú a dhéanamh ar an tionchar a bheidh ag fhorálacha IFRS 9 ar chaipiteal rialála

In Airteagal 473a de CRR, tá socruithe idirthréimhseacha lena gceadaítear d'institiúidí cuid d'aon mhéadú ar sholáthairtí a aischur lena gcaipiteal Ghnáthchothromais Leibhéal 1 de bharr cuntasaíocht le haghaidh caillteanais chreidmheasa ionchasacha a bheith tugtha isteach faoi IFRS 9. Tá dhá chomhpháirt sna socruithe idirthréimhseacha: comhpháirt statach agus comhpháirt dhinimiciúil. Leis an gcomhpháirt statach beidh institiúidí creidmheasa in ann "tionchar lá a haon" ar an méadú i bhforálacha cuntasaíochta ar Chaipiteal

Ghnáthchothromais Leibhéal 1 a neodrú i bpáirt de bharr IFRS 9 a bheith tugtha isteach. Leis an gcomhpháirt dhinimiciúil beidh na bainc in ann an tionchar atá ag an méadú breise (*i.e.* tar éis lá a haon) ar fhorálacha le haghaidh sócmhainní airgeadais nach bhfuil fadhbanna creidmheasa acu a neodrú i bpáirt. Leis na socruithe idirthréimhseacha atá ann cheana, cumhdaítear an tréimhse 2018-2022 .

Mar thoradh ar chur i bhfeidhm IFRS 9 le linn na géarchéime eacnamaíche i ngeall ar phaindéim COVID-19, d'fhéadfadh sé go dtiocfadh méadú suntasach tobann ar sholáthairtí le haghaidh caillteanais chreidmheasa ionchasacha, mar, i gcás cuid mhór de na risíochtaí, is féidir go mbeidh gá leis na caillteanais ionchasacha sin ar feadh a saolré a ríomh. Chun an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag méadú tobann ar sholáthairtí le haghaidh caillteanais chreidmheasa ionchasacha ar chumas institiúidí iasachtaí a thabhairt do chliaint san am is mó a mbeidh gá leis, ba cheart síneadh a chur leis na socruithe idirthréimhseacha. Thabharfaí leis sin faoiseamh breise ón tionchar a bheadh ag paindéim COVID-19 ar an méadú a d'fhéadfadh a bheith ann ó thaobh soláthairtí riachtanacha na n-institiúidí faoi IFRS 9, agus ag an am céanna na socruithe idirthréimhseacha a choinneáil ar bun le haghaidh méideanna an chaillteanais creidmheasa ionchasaigh arna mbunú roimh phaindéim COVID-19. Dá bhrí sin, leis na leasuithe sin bheifí in ann an idirthréimhse 5 bliana, a thosaigh in 2018, a athshocrú. Ar an gcaoi sin leis an idirthréimhse nua, beidh institiúidí airgeadais in ann calabrú na socruithe a choigeartú chun forálacha a aischur le caipiteal Ghnáthchothromais Leibhéal 1 le linn na tréimhse 2020-2024.

I gcomhthéacs phaindéim COVID-19, ní chuirfear síneadh leis na socruithe idirthréimhseacha ach i gcás na comhpháirte dinimiciúla amháin i gcomhréir leis na hathbhreithnithe spriocdhírithe[10] ar na caighdeáin stuamachta arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta (Airteagal 1 pointe (2) den togra) chun dul i ngleic leis an méadú féideartha i soláthairtí le haghaidh caillteanais chreidmheasa ionchasacha tar éis phaindéim COVID-19. Chun a áirithiú go ndírítear an faoiseamh breise ar chaillteanais chreidmheasa ionchasacha a thagann as na cúinsí eisceachtúla a bhaineann le paindéim COVID-19 gan castacht bhreise a thabhairt isteach, athraítear an dáta tagartha ón 1 Eanáir 2018 go dtí an 1 Eanáir 2020 le haghaidh aon mhéadú i soláthairtí a bheadh faoi réir na socruithe idirthréimhseacha ar cuireadh síneadh leo, mar is dócha go mbeadh baint ag aon chaillteanais bhreise arna dtabhú ón dáta sin ar aghaidh le paindéim COVID-19.

In Airteagal 473a(1) de CRR tá foirmle athbhreithnithe chun méideanna an chaillteanais creidmheasa ionchasaigh is féidir a áireamh ar an (*i.e.* “aischurtha leis an”) gcaipiteal Ghnáthchothromais Leibhéal 1 a ríomh, agus leis an bhfoirmle sin cuirtear fachtóirí difriúla i bhfeidhm ar na comhpháirtithe statacha agus ar na comhpháirtithe dinimiciúla faoi seach. Cé go mbeidh ríomh na comhpháirte stataí gan athrú fós leis an togra seo, beidh an chomhpháirt dhinimiciúil faoi réir síniú a bheith curtha leis an idirthréimhse agus fachtóir coigeartaithe idirthréimhseach.

Na dátaí tagartha i míreanna (3) agus (5) d'Airteagal 473a de CRR chun méadú féideartha i soláthairtí le haghaidh caillteanais chreidmheasa ionchasacha a ríomh i dtaca le sócmhainní nach bhfuil fadhbanna creidmheasa acu ag an dáta tuairiscithe, sócmhainní is féidir a aischuir le caipiteal Ghnáthchothromais Leibhéal 1, déantar iad a leasú tríd an bhfoirmle athbhreithnithe i mír 1 agus an scoithdháta nua a chur san áireamh.

Cuirtear an idirthréimhse le haghaidh na comhpháirte stataí in Airteagal 473a(6) de CRR in oiriúint i bhfianaise na foirmle nua i mír 1 den Airteagal sin.

[10] Féach an phreaseisiúint “Bearta breise leagtha amach ag Coiste Basel chun an tionchar atá ag COVID-19 a mhaolú”, 3 Aibreán 2020, ar fáil ag: https://www.bis.org/press/p200403.htm.

Leis an mír nua, 6a, cuirtear síneadh leis an idirthréimhse le haghaidh na comhpháirte dinimiciúla, rud a fhágfaidh go mbeidh institiúidí in ann aon mhéadú i soláthairtí nua a aithnítear in 2020 agus in 2021 dá sócmhainní airgeadais nach bhfuil fadhbanna creidmheasa acu a aischur go hiomlán lena gcaipiteal Ghnáthchothromais Leibhéal 1. An méid a d'fheadfaí a aischur ó 2022 go 2024, laghdódh sé ar bhealach líneach.

Na hathruithe ar Airteagal 473a(7) de CRR, déanann siad athríomh na gceanglas caipitil a shimpliú. Cuirtear iad in ionad athscálú a dhéanamh ar na luachanna risíochta, luachanna a laghdaítear i ngeall ar sholáthairtí a bhfuil ualú priacail caighdeánach 100 % a shannfar do na méideanna arna n-aischur le caipiteal Ghnáthchothromais Leibhéal 1.

Leis na hathruithe ar Airteagal 473a(9) de CRR, ceadaítear d'institiúidí a roghnaigh gan úsáid a bhaint as na socruithe idirthréimhseacha roimhe seo, an cinneadh sin a chur ar ceal tráth ar bith le linn na hidirthréimhse, faoi réir formheas a fháil óna n-údarás inniúil roimh ré. Thairis sin, déantar foráil in Airteagal 473a(9) de CRR maidir leis an rogha a thabhairt d'institiúidí an chomhpháirt dhinimiciúil a chur i bhfeidhm, agus sin amháin. Ar deireadh, chun faireachán a dhéanamh ar líon na n-institiúidí ar fud an Aontais Eorpaigh a bhaineann úsáid as na socruithe idirthréimhseacha, cuirtear de cheanglas ar údaráis inniúla faisnéis maidir le líon na n-institiúidí a ndéanann siad maoirsiú orthu agus a bhaineann úsáid as na socruithe sin a chur faoi bhráid ÚBE.

Láimhseáil iasachtaí arna rathú go poiblí faoin gcúlstop stuamachta i leith iasachtaí neamhthuillmheacha

De ghnáth is iad na gníomhaireachtaí creidmheasa onnmhairiúcháin oifigiúla a eisíonn ráthaíochtaí ar son rialtais náisiúnta chun cosaint chreidmheasa a sholáthar d'iasachtaí lena gcuirtear síneadh chun críoch mhaoiniú onnmhairiúcháin. Déantar iasachtaí neamhthuillmheacha arna rathú ag gníomhaireachtaí den sórt sin a láimhseáil go fabhrach maidir le ceanglais soláthair faoi Airteagal 47c de CRR. An maolú atá beartaithe ó Airteagal 47c(3) cuireann sé síneadh leis an láimhseáil fhabhrach sin chun risíochtaí atá ráthaithe nó frithráthaithe ag an earnáil phoiblí a chur san áireamh i gcomhthéacs bearta atá dírithe ar thionchar eacnamaíoch phaindéim COVID-19 a mhaolú, faoi réir rialacha an Aontais maidir le státchabhair, i gcás inarb infheidhme. Chuirfeadh an méid sin próifíl priacail chomhchosúil na risíochtaí faoi ráthaíocht san áireamh(Airteagal 1 pointe (3) den togra).

Dáta cur i bhfeidhm an mhaoláin chóimheasa luamhánaithe

Le CRR II cuireadh Airteagal 92(1a) nua le CRR a fhorchuireann ceanglas maoláin cóimheasa luamhánaithe ar institiúidí domhanda a bhfuil tábhacht shistéamach leo. Bhí dáta chur i bhfeidhm an mhaoláin beartaithe don 1 Eanáir 2022 ar dtús. I gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus i gcomhréir le hamlíne athbhreithnithe an chur chun feidhme arna chomhaontú ag an CBMB, cuirtear siar aon bhliain amháin an dáta cur i bhfeidhm a leagtar amach in Airteagal 3(5) de CRR II, go dtí an 1 Eanáir 2023 (Airteagal 2 pointe (2) den togra).

An tionchar atá ag eisiamh risíochtaí áirithe ó ríomh an chóimheasa luamhánaithe a fhritháireamh

Tá ríomh an chóimheasa luamhánaithe modhnaithe ag CRR II ar bhonn chaighdeán Basel athbhreithnithe. Áirítear leis na hathruithe sin, cur chun feidhme rogha chun risíochtaí airithe de chuid an bhainc cheannais a eisiamh go sealadach ó ríomh an tomhais iomláin risíochta atá

ag institiúid in imthosca eisceachtúla (Airteagal 429a(1)(n) agus (5) go (7) de CRR). Féadfar an díolúine a dheonú ar feadh tréimhse nach faide ná aon bhliain amháin, i gcás inar chinn údarás inniúil na hinstitiúide go bhfuil imthosca eisceachtúla den sórt sin ann tar éis dó dul i gcomhairle leis an mbanc ceannais ábhartha, agus go bhfuil sé sin dearbhaithe go poiblí ag an údarás. Déantar aon tionchar atá ag an eisiamh a fhritháireamh trí shásra a leagtar amach in Airteagal 429a(7) de CRR lena méadaítear ceanglas cóimheasa luamhánaithe aonair de chuid institiúide ar bhealach comhréireach amháin.

An rogha, atá ceaptha tarchur éifeachtach beart beartais airgeadaíochta a éascú, tiocfaidh sé i bhfeidhm in éineacht leis an gceanglas cóimheasa luamhánaithe an 28 Meitheamh 2021. Mar sin féin, léirigh géarchéim COVID-19 atá ann faoi láthair, go mbeadh an sásra fritháirimh, i gcás inarb infheidhme, róshriantach agus nach n-éascódh a chur chun feidhme traschur éifeachtach beart beartais airgeadaíochta. Go deimhin, mar gheall ar an sásra fritháirimh atá ann faoi láthair, d'fhéadfadh srian a bheith le hinstitiúidí creidmheasa i ndáil le leibhéal an mhéadaithe ar chúlchistí a mbainc ceannais. D'fhéadfadh an sásra fritháirimh atá ann faoi láthair drogall a chur ar institiúidí creidmheasa leas a bhaint as áiseanna leachtachta bainc cheannais i gcás ina bhfuil strus, a mhéid is gá nó a mhéid is inmianta. Mar thoradh air sin, chuirfí bac ar thraschur éifeachtach beart beartais airgeadaíochta agus, as a dheireadh, chuirfí iallach ar institiúid díluamhánnú a dhéanamh trí shócmhainní a dhíol nó tríd an leibhéal iasachtaithe chuig an bhfíorgheilleagar a laghdú, nó an dá rud, i bhfianaise shaoirse srianta na hinstitiúide chun fairsinge na gcúlchistí le linn géarchéime a rialáil.

Ar bhonn na dtorthaí sin, agus i bhfianaise shainordú an Choimisiúin a leagtar amach in Airteagal 511 de CRR maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar láimhseáil chúlchistí an bhainc ceannais, i measc nithe eile, measann an Coimisiún gurb iomchuí an sásra fritháirimh a mhodhnú sula dtiocfaidh sé chun a bheith infheidhme (Airteagal 1 pointe (1)(b) den togra). Cuirfidh an méid sin feabhas ar an tsolúbthácht chun gníomhú mar is iomchuí agus go teann le linn suaite agus géarchéime a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo agus cuirfidh sé le héifeachtúlacht an bhirt. Go háirithe, cuirfear de cheanglas ar institiúid creidmheasa nach bhfeidhmíonn an rogha an cóimheas coigeartaithe luamhánaithe a ríomh ach aon uair amháin, eadhon an tráth a fheidhmíonn sé an rogha, agus bunaithe ar luach chúlchistí incháilithe an bhainc ceannais agus an tomhas iomlán risíochta atá ag an institiúid an lá a dhearbhóidh údarás inniúil na hinstitiúide go bhfuil imthosca eisceachtúla ann lena dtugtar bonn cirt le feidhmiú na rogha sin. Beidh feidhm ag an gcóimheas coigeartaithe luamhánaithe le linn na tréimhse ina bhfeidhmítear an rogha agus ní athróidh sé faoi mar a d'athraigh sé faoin sásra fritháirimh atá ann faoi láthair. Tá gá le hathruithe ar Airteagal 429a(1)(n) mar gheall ar na coigeartuithe ar an sásra fritháirimh freisin chun go mbeifear in ann cúlchistí incháilithe ar fad de chuid an bhainc ceannais a eisiamh seachas na cúlchistí sin amháin a tugadh chun críche tar éis theacht i bhfeidhm na díolúine (Airteagal 1 pointe (1)(a) den togra).

Dáta cur i bhfeidhm na díolúine le haghaidh sócmhainní bogearraí áirithe ó asbhaintí caipitil

Le CRR II tugadh forálacha isteach chun athrú a dhéanamh ar láimhseáil rialála "sócmhainní bogearraí atá luacháilte go stuama", nach bhfuil difear ábhartha ag baint leo i gcás gnóthas éagtha (*i.e.* réiteach, dócmhainneacht nó leachtú institiúide). Ní chuirfear de cheanglas ar institiúidí na sócmhainní bogearraí áirithe sin a asbhaint óna gcaipiteal Ghnáthchothromais Leibhéal 1 (pointe (b) d'Airteagal 36(1) de CRR). Tugadh sainordú do ÚBE Caighdeán Teicniúil Rialála a dhréachtú chun cur i bhfeidhm na díolúine sin ó asbhaintí a shonrú, trí raon feidhme na sócmhainní bogearraí atá le díolmhú agus an chaoi a ndéanfar iad a ualú ó thaobh priacail a shainmhíniú (Airteagal 36(4) de CRR). An dáta le haghaidh chur i bhfeidhm

láimhseáil athbhreithnithe na sócmhainní bogearraí, socraíodh é ar dháta 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Chaighdeáin Theicniúil Rialála (Airteagal 3(7) de CRR II) .

I gcomhthéacs ghlacadh luathaithe seirbhísí digiteacha mar iarmhairt ar bhearta poiblí arna nglacadh chun dul i ngleic le paindéim COVID-19, leasaítear an dáta cur i bhfeidhm ionas gur féidir an díolúine a chur i bhfeidhm níos luaithe, eadhon amhail ó dháta theacht i bhfeidhm an Chaighdeáin Theicniúil Rialála (Airteagal 2 pointe (3) den togra).

Dáta cur i bhfeidhm na láimhseála sonraí atá beartaithe le haghaidh iasachtaí áirithe atá cumhdaithe ag pinsin nó tuarastail

Chuir CRR II isteach in Airteagal 123 de CRR láimhseáil níos fabhraí ar iasachtaí áirithe arna ndeonú ag institiúidí creidmheasa do phinsinéirí nó d'fhostaithe a bhfuil conradh buan acu. Tugadh isteach an láimhseáil fhabhrach seo de bharr na ráthaíochtaí breise a bhaineann le hiasachtaí den sórt sin a eascraíonn as aistriú neamhchoinníollach cuid de phinsean nó de thuarastal an iasachtaí chuig an institiúid creidmheasa sin. Le cur i bhfeidhm na láimhseála seo i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 dhreasófaí institiúidí chun iasachtú d'fhostaithe agus do phinsinéirí a mhéadú. Le go mbeidh institiúidí in ann tairbhe a bhaint as an láimhseáil níos fabhraí láithreach le linn phaindéim COVID-19, cuirtear dáta chur i bhfeidhm na forála sin ar aghaidh (Airteagal 2 pointe (1) den togra).

Dáta cur i bhfeidhm le haghaidh an fhachtóra tacaíochta FBM athbhreithnithe agus le haghaidh an fhachtóra tacaíochta bonneagair

Rinne CRR II athruithe ar Airteagal 501 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le coigeartú ar cheanglais cistí dílse le haghaidh risíochtaí neamh-mhainneachtana ar FBManna (an fachtóir tacaíochta FBM), agus cuireadh isteach in Airteagal 501a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 coigeartú nua ar cheanglais cistí dílse le haghaidh risíochtaí ar eintitis a oibríonn nó a mhaoiníonn struchtúir nó áiseanna, córais agus líonraí fisiciúla a chuireann seirbhísí poiblí ríthábhachtacha ar fáil nó a thugann tacaíocht dóibh (an fachtóir tacaíochta bonneagair). Leis na fachtóirí tacaíochta sin, is féidir láimhseáil níos fabhraí a dhéanamh ar risíochtaí áirithe le haghaidh FBManna agus bonneagar d'fhonn institiúidí a dhreasú chun iasachtú do na heintitis sin a mhéadú go stuama. I gcomhthéacs phaindéim COVID-19 tá sé fíor-riachtanach go leanfaidh na bainc d'iasachtaí a thabhairt do FBManna agus de thacaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí bonneagair. Dá bhrí sin, cuirtear ar aghaidh dáta chur i bhfeidhm an dá fhachtóir thacaíochta a leagtar amach in Airteagal 3 de CRR II (Airteagal 2 pointe (1) den togra).

2020/0066 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear (AE) Uimh. 575/2013 agus (AE) 2019/876 maidir le coigeartuithe mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11] agus le Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12], bunaítear an creat rialála stuamachta le haghaidh institiúidí atá ag oibriú san Aontas. An creat stuamachta, a glacadh i ndiaidh na géarchéime airgeadais a tháinig chun cinn in 2007-2008 agus a bhí bunaithe, den chuid is mó, ar chaighdeáin idirnáisiúnta a chomhaontaigh an Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht (CBMB) in 2010, nó creat Basel III mar a thugtar air, rannchuidigh sé le feabhas a chur ar athléimneacht na n-institiúidí a oibríonn san Aontas agus iad a dhéanamh níos ullmhaithe chun aghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí, lena n-áirítear deacrachtaí a eascraíonn as géarchéimeanna a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo.

(2) Ó tháinig sé i bhfeidhm, rinneadh Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a leasú roinnt uaireanta chun aghaidh a thabhairt ar laigí atá fós sa chreat rialála stuamachta agus chun roinnt eilimintí den athchóiriú domhanda ar sheirbhísí airgeadais atá fós gan réiteach agus atá fíor-riachtanach a chur chun feidhme chun athléimneacht na n-institiúidí a áirithiú. Ar na hathruithe a rinneadh dá éis sin tá Rialachán (AE)

[11] Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

[12] Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

2017/2395 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13] lena dtugtar isteach socruithe idirthréimhseacha i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 chun an tionchar a mhaolú ar chistí dílse maidir leis an gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais a thabhairt isteach — Ionstraimí Airgeadais (IFRS 9). Le Rialachán (AE) 2019/630 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14] tugadh isteach ceanglas i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i gcomhair cumhdach caillteanais íosta le haghaidh risíochtaí neamhthuillmheacha, an cúlstop stuamachta mar a thugtar air. Thairis sin, le Rialachán (AE) 2019/876 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15] tugtar isteach i Rialachán (AE) Uimh 575/2013 roinnt eilimintí críochnaitheacha de chuid chreat Basel III arna thabhairt chun críche, ina measc sainiú nua ar an gcóimheas luamhánaithe agus ar mhaolán cóimheasa luamhánaithe, rud a chuireann cosc ar institiúidí luamhánú a mhéadú an iomarca, chomh maith le láimhseáil stuamachta níos fabhraí ar shócmhainní bogearraí áirithe, láimhseáil stuamachta níos fabhraí ar iasachtaí áirithe atá cumhdaithe ag pinsin nó ag tuarastail, fachtóir tacaíochta athbhreithnithe le haghaidh iasachtaí d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus fachtóir tacaíochta do thionscadail bhonneagair.

(3) Idir an ghéarchéim thromchúiseach eacnamaíoch arb é paindéim COVID-19 ba cúis leis agus na bearta srianta eisceachtúla, tá tionchar leitheadach acu ar an ngeilleagar. Ní mór do ghnólachtaí aghaidh a thabhairt ar bhriseadh i slabhraí soláthair, ar dhúnadh sealadach agus ar éileamh laghdaithe, agus tá aghaidh á tabhairt ag teaghlaigh san am céanna ar an dífhostaíocht agus ar laghdú ioncaim. Ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát, tá bearta cinntitheacha déanta ag údaráis phoiblí chun tacú le teaghlaigh agus le gnóthais shócmhainneacha chun an fód a sheasamh in aghaidh an mhoillithe seo sa gníomhaíocht eacnamaíoch, rud atá géar ach sealadach, agus in aghaidh na nganntanas leachtacht atá ann dá bharr.

(4) Beidh príomhról ag na hinstitiúidí ó thaobh rannchuidiú leis an téarnamh. San am céanna, is dócha go mbeidh siad féin buailte aige freisin ó tharla an staid eacnamaíoch a bheith ag dul in olcas. Tá caipiteal sealadach, leachtacht shealadach agus faoiseamh oibríochtúil sealadach curtha ar fáil ag údaráis inniúla chun a áirithiú gur féidir leo leanúint dá ról a chomhlíonadh i dtaca leis an bhfíorgheilleagar a mhaoiniú i dtimpeallacht níos dúshlánaí. An Coimisiún, an Banc Ceannais Eorpach agus an tÚdarás Baincéireachta, thug siad soiléireacht maidir le cur i bhfeidhm na solúbthachta atá leabaithe cheana féin i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 trí léirmhínithe agus treoir

[13] Rialachán (AE) 2017/2395 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir leis na socruithe idirthréimhseacha leis an tionchar a bheidh ag tabhairt isteach IFRS 9 ar chistí dílse a mhaolú agus le haghaidh láimhseáil risíochtaí móra i gcás risíochtaí áirithe san earnáil phoiblí atá ainmnithe in airgeadra intíre aon Bhallstáit (IO L 345, 27.12.2017, lch. 27).

[14] Rialachán (AE) 2019/630 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a mhéid a bhaineann le cumhdach caillteanais íosta le haghaidh risíochtaí neamhthuillmheacha (IO L 111, 25.4.2019, lch. 4).

[15] Rialachán (AE) 2019/876 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a mhéid a bhaineann leis an gcóimheas luamhánaithe, leis an gcóimheas glanchistiúcháin chobhsaí, leis na ceanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe, leis an bpriacal creidmheasa contrapháirtí, leis an bpriacal margaidh, leis na risíochtaí ar chontrapháirtithe lárnacha, leis na risíochtaí ar ghnóthais chomhinfheistíochta, leis na risíochtaí móra, leis na ceanglais tuairiscithe agus nochta, agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (OJ L 150, 7.6.2019, lch. 1).

a eisiúint maidir le cur i bhfeidhm an chreata stuamachta i gcomhthéacs COVID-19[16]. Mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, thug CBMB roinnt solúbthachta freisin i dtaca le cur i bhfeidhm caighdeán idirnáisiúnta[17].

(5) Tá sé tábhachtach go n-úsáidfidh na hinstitiúidí a gcaipiteal san áit is mó a mbeidh sé de dhíth agus go n-éascófar an méid sin le creat rialála an Aontais agus, san am céanna, go n-áiritheofar leis go ngníomhóidh na hinstitiúidí go stuama. I dteannta na solúbthachta dá bhforáiltear sna rialacha atá ann cheana, le hathruithe spriocdhírithe ar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 d'áiritheofaí go ngníomhódh an creat stuamachta sin go réidh leis na bearta éagsúla a thugann aghaidh ar éigeandáil COVID-19.

(6) Cúinsí urghnácha phaindéim COVID-19 agus a mhéad atá na dúshláin a ghabhann léi, dúshláin nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe, ba iad a spreag an nglao ar ghníomhaíocht láithreach lena n-áirithiú go mbeadh na dálaí i bhfeidhm sna hinstitiúidí le go mbeidís in ann cistí a dhíriú go héifeachtach ar ghnólachtaí agus ar theaghlaigh agus an ghéarchéim eacnamaíoch a mhaolú arb é paindéim COVID-19 a ba chúis leis.

(7) Na ráthaíochtaí arna soláthar, i gcomhthéacs phaindéim COVID-19, ag rialtais náisiúnta nó ag eintitis phoiblí eile atá incháilithe mar sholáthraithe cosanta creidmheasa faoi na rialacha maidir le maolú priacail creidmheasa a leagtar síos i gCaibidil 4 de Chuid a 3 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, is féidir a n-éifeachtaí maidir le maolú priacail a chur i gcomparáid le ráthaíochtaí arna soláthar ag gníomhaireachtaí creidmheasa onnmhairiúcháin dá dtagraítear in Airteagal 47c de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Dá bhrí sin, tá údar cuí leis na ceanglais cumhdaigh íosta le haghaidh risíochtaí neamhthuillmheacha a thairbhíonn de ráthaíochtaí arna ndeonú ag rialtais náisiúnta nó ag eintitis phoiblí eile a ailíniú leis na risíochtaí sin a thairbhíonn de ráthaíochtaí arna ndeonú ag gníomhaireachtaí creidmheasa onnmhairiúcháin. Dá bhrí sin, na ráthaíochtaí agus na frithráthaíochtaí a leathnaítear i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 i gcomhréir le rialacha maidir leis an Státchabhair, ba cheart caitheamh leo ar an mbealach céanna le ráthaíochtaí arna soláthar ag gníomhaireachtaí oifigiúla creidmheasa onnmhairiúcháin.

(8) Tháinig fianaise chun cinn i gcomhthéacs phaindéim COVID-19, go bhféadfadh an fhéidearthacht maidir le risíochtaí airithe de chuid an bhainc ceannais a eisiamh go sealadach ó ríomh an tomhais risíochta iomláin atá ag institiúid, a leagtar síos in Airteagal 429a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 arna leasú le Rialachán (AE) 2019/876, go bhféadfadh an fhéidearthacht sin a bheith fíor-riachtanach le linn géarchéime. Mar sin féin, dealraíonn sé go bhfuil bac ar éifeachtacht an bhirt sin mar gheall ar an tsolúbthacht laghdaithe a eascraíonn as an sásra fritháirimh a ghabhann le heisiaimh shealadacha den sórt sin a chuirfeadh srian ar chumas na n-institiúidí

---

16 Áirítear leis sin an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle - Teachtaireacht Léirmhínitheach ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm na gcreataí cuntasaíochta agus stuamachta chun iasachtaí bainc san Aontais a éascú - Tacú le gnólachtaí agus teaghlaigh le linn COVID-19, COM(2020)169 an 28.04.2020; an Phreaseisiúint "Tuilleadh solúbthachta curtha ar fáil ag Maoirseacht Bhaincéireachta BCE do na bainc mar fhreagairt ar an gcoróinvíreas" mar aon le Ceisteanna Coitianta, an 20 Márta 2020, https://www.bankingsupervision.europa.eu/press/pr/date/2020/html/ssm.pr200320~4cdbbcf466.en.html; Seo a leanas ráiteas ó ÚBA faoi chur i bhfeidhm an chreata stuamachta maidir le Mainneachtain, Staonadh agus IFRS9 i bhfianaise na mbeart maidir le COVID-19, an 25 Márta 2020: https://eba.europa.eu/eba-provides-clarity-banks-consumers-application-prudential-framework-light-covid-19-measures.

17 Féach an phreaseisiúint "Bearta breise leagtha amach ag Coiste Basel chun tionchar Covid-19 a mhaolú", an 3 Aibreáin 2020, https://www.bis.org/press/p200403.htm

risíochtaí an bhainc ceannais a mhéadú i gcás géarchéime. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh sin iachall a chur ar institiúid an leibhéal iasachtaithe do theaghlaigh agus do ghnólachtaí a laghdú. Chun aon iarmhairt neamh-inmhianaithe a bhaineann leis an sásra fritháirimh a sheachaint agus chun éifeachtacht an eisiaimh sin a áirithiú i gcoinne suaitheadh agus éigeandálaí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, ba cheart an sásra fritháirimh a mhodhnú sula dtiocfaidh an ceanglas cóimheasa luamhánaithe a leagtar amach i bpointe (d) d'Airteagal 92(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 chun bheith infheidhme i gcomhréir le dlí an Aontais an 28 Meitheamh 2021. Go dtí go gcuirfear i bhfeidhm na forálacha leasaithe maidir le ríomh an chóimheasa luamhánaithe mar a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2019/876, ba cheart Airteagal 429a a bheith infheidhme fós mar a tugadh isteach é le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/62[18].

(9) Tháinig cuid mhór de na hinstitiúidí a oibríonn san Aontas faoi réir IFRS 9 amhail ón 1 Eanáir 2018. I gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta a ghlac CBMB, le Rialachán (AE) 2017/2395 tugadh isteach i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 socruithe idirthréimhseacha chun maolú a dhéanamh ar thionchar mór diúltach a d'fhéadfadh a bheith ar chaipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1 a eascraíonn as cuntasaíocht an chaillteanais creidmheasa faoi IFRS 9.

(10) Mar thoradh ar chur i bhfeidhm IFRS 9 le linn an chúlaithe eacnamaíoch i ngeall ar an phaindéim COVID-19, d'fhéadfadh sé go dtiocfadh méadú suntasach tobann ar sholáthairtí do chaillteanais ionchasacha ar chreidmheas, mar, i gcás cuid mhór de na risíochtaí, is féidir go mbeidh gá leis na caillteanais ionchasacha sin ar feadh a saolré a ríomh. Chomhaontaigh CBMB an 3 Aibreán 2020 níos mó solúbthachta a cheadú maidir le cur chun feidhme na socruithe idirthréimhseacha lena gcéimnítear isteach tionchar IFRS 9. Chun teorainn a chur leis an luaineacht a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an gcaipiteal rialála má thagann méadú suntasach ar sholáthairtí do chaillteanais ionchasacha ar chreidmheas mar thoradh ar COVID-19, is gá na socruithe idirthréimhseacha a leathnú i ndlí an Aontais freisin.

(11) Chun maolú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag méadú tobann i soláthairtí do chaillteanais ionchasacha ar chreidmheas ar chumas institiúidí iasachtaí a thabhairt do chliaint an tráth is mó a bheidh gá leis, ba cheart síneadh dhá bhliain a chur leis na socruithe idirthréimhseacha agus ba cheart cead a bheith ag institiúidí aon mhéadú ar na soláthairtí nua do chaillteanais ionchasacha ar chreidmheas a aithníonn siad in 2020 agus in 2021 le haghaidh a gcuid sócmhainní airgeadais, nach bhfuil fadhbanna creidmheasa acu, a chur ar ais go hiomlán lena gcaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1. Thabharfaí leis sin faoiseamh breise do thionchar ghéarchéim COVID-19 ar an méadú a d'fhéadfadh teacht ar riachtanais soláthair na n-institiúidí faoi IFRS 9, agus san am céanna choinneofaí ar bun na socruithe idirthréimhseacha le haghaidh mhéideanna na gcaillteanas creidmheasa ionchasach arna mbunú roimh phaindéim COVID-19.

(12) Na hinstitiúidí a roghnaigh gan na socruithe idirthréimhseacha a úsáid roimhe sin, beidh siad in ann an cinneadh sin a fhreaschur tráth ar bith le linn na hidirthréimhse ach formheas a fháil roimh ré óna n-údarás inniúil. Ina dhiaidh sin agus faoi réir

[18] Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/62 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2014 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gcóimheas luamhánaithe, IO L 11, 17.1.2015, lgh. 37–43

formheas maoirseachta, is féidir leis na hinstitiúidí a roghnú gan na socruithe idirthréimhseacha a úsáid.

(13) I mí Mhárta 2020, rinne Grúpa na nGobharnóirí Bainc Ceannais agus na gCeann Maoirseachta (GHOS) athbhreithniú ar amlíne chur chun feidhme eilimintí críochnaitheacha chreat Basel. Cé gur gá an chuid is mó de na heilimintí críochnaitheacha a chur chun feidhme go fóill i ndlí an Aontais, rinneadh an ceanglas maoláin cóimheasa luamhánaithe le haghaidh institiúidí domhanda a bhfuil tábhacht shistéamach leo a chur chun feidhme cheana féin trí na leasuithe a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2019/876. Dá bhrí sin, ba cheart dáta chur i bhfeidhm an cheanglais maidir le maolán cóimheasa luamhánaithe a chur siar bliain amháin go dtí an 1 Eanáir 2023, mar a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta. Ba cheart an dáta cur i bhfeidhm a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/876 a athbhreithniú dá réir chun cothrom na Féinne a áirithiú go hidirnáisiúnta d'institiúidí atá bunaithe san Aontas agus atá ag oibriú lasmuigh den Aontas. Agus cur i bhfeidhm an cheanglais maidir le maolán cóimheasa curtha ar athló, ní bheadh aon iarmhairt ann le linn na tréimhse sin i gcás nach gcomhlíontar an ceanglas mar a leagtar amach in Airteagal 141b de Threoir 2013/36/AE agus ní bheadh aon srian gaolmhar ar dháileacháin a leagtar amach in Airteagal 141b den Treoir sin.

(14) I bhfianaise na ráthaíochtaí sonracha atá ag gabháil le hiasachtaí arna ndeonú ag institiúidí creidmheasa do phinsinéirí nó d'fhostaithe a bhfuil conradh buan acu i gcoinne aistriú neamhchoinníollach cuid de phinsean nó de thuarastal an iasachtaí chuig an institiúid creidmheasa sin, leasaíodh Airteagal 123 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 le Rialachán (AE) Uimh. 2019/876 ionas go bhféadfaí iasachtaí den sórt sin a láimhseáil ar bhonn níos fabhraí. Le cur i bhfeidhm na láimhseála sin, i gcomhthéacs phaindéim COVID-19, dhreasófaí institiúidí chun iasachtú a mhéadú d'fhostaithe agus do phinsinéirí. Is gá, dá bhrí sin, dáta chur i bhfeidhm na forála sin a thabhairt chun tosaigh ionas gur féidir le hinstitiúidí í a úsáid láithreach bonn le linn phaindéim COVID-19.

(15) Na leasuithe ar choigeartú risíochtaí neamh-mhainneachtana atá ualaithe ó thaobh priacail de chuid FBManna a leagtar amach in Airteagal 501 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 (an fachtóir tacaíochta FBM), leasaíodh iad le Rialachán (AE) 2019/876. Lena chois sin, leis an Rialachán sin tugadh isteach in Airteagal 501a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 coigeartú nua ar cheanglais cistí dílse maidir le priacal creidmheasa le haghaidh risíochtaí ar eintitis a oibríonn nó a mhaoiníonn struchtúir nó áiseanna, córais agus líonraí fisiciúla a chuireann seirbhísí poiblí ríthábhachtacha ar fáil nó a thugann tacaíocht dóibh (na fachtóirí tacaíochta bonneagair). Ó tharla go gceadaítear leis na fachtóirí sin láimhseáil níos fabhraí a dhéanamh ar risíochtaí áirithe ar FBManna agus ar bhonneagar, trí bhíthin a gcur i bhfeidhm i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 dhreasófaí institiúidí chun iasachtú a bhfuil géarghá leis a mhéadú le haghaidh na n-eintiteas sin. Is gá, dá bhrí sin, dáta chur i bhfeidhm an dá fhachtóir thacaíochta a thabhairt chun tosaigh ionas gur féidir le hinstitiúidí iad a úsáid láithreach bonn le linn phaindéim COVID-19.

(16) Le Rialachán (AE) 2019/876 leasaíodh láimhseáil stuamachta sócmhainní bogearraí áirithe chun tacaíocht bhreise a thabhairt don aistriú i dtreo earnáil baincéireachta a bheidh níos digitithe. Ó tharla gur glacadh seirbhísí digiteacha ar bhonn níos tapúla ná mar a bhí beartaithe de bharr bearta poiblí a glacadh chun aghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19, ba cheart coinne a bheith le cur i bhfeidhm na n-athruithe sin.

(17) I dtaca le cuspóirí an Rialacháin seo, mar atá cur le cumas institiúidí creidmheasa, an oiread is féidir, iasachataí a thabhairt agus caillteanais a bhaineann le paindéim COVID-19 a sheasamh, ós rud é nach féidir leis na Ballstáit na cuspóirí sin a ghnóthú go leordhóthanach, ach gur fearr is féidir, de bharr a bhfairsinge agus a n-éifeachtaí, iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

(18) I dtaca leis na bearta tacaíochta urghnácha a glacadh chun tionchar phaindéim COVID-19 a mhaolú, chun go mbeidh siad go hiomlán éifeachtach le gurb athléimní an earnáil baincéireachta agus leis na hinstitiúidí a dhreasú le leanúint den iasachtú, is gá éifeacht mhaolaithe na mbeart sin a léiriú láithreach bonn ar an mbealach ina gcinntear ceanglais caipitil rialála. Ag féachaint don phráinn atá leis na coigeartuithe sin ar an gcreat stuamachta, ba cheart don Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(19) I bhfianaise na práinne sin, meastar gur gá úsáid a bhaint as an eisceacht ón tréimhse ocht seachtaine dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bParlaimintí Náisiúnta san Aontas Eorpach, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach.

(20) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus Rialachán (AE) 2019/876 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1
Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013

Leasaítear Rialachán (AE) 575/2013 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 429a, arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 2019/876, mar seo a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhrása réamhráiteach phointe (n):

"(n) na risíochtaí seo a leanas ar bhanc ceannais na hinstitiúide, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach i míreanna 5 agus 6:";

(b) i mír 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na sainmhínithe ar 'EM_{LR}' agus 'CB':

"EM_{LR} = tomhas risíochta iomlán na hinstitiúide mar a shainítear in Airteagal 429(4), lena n-áirítear na risíochtaí a eisiatar i gcomhréir le pointe (n) de mhír 1 den Airteagal seo ar lá an dearbhaithe phoiblí dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 5 den Airteagal seo; agus

CB = luach iomlán risíochtaí na hinstitiúide ar a banc ceannais atá incháilithe lena n-eisiamh i gcomhréir le pointe (n) de mhír 1, ar lá an dearbhaithe phoiblí dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 5.";

(2) leasaítear Airteagal 473a mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) sa chéad fhomhír; cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása réamhráitigh:

“De mhaolú ar Airteagal 50 agus go dtí deireadh na n-idirthréimhsí a leagtar amach i mír 6 agus i mír 6a den Airteagal seo, féadfaidh siad seo an tsuim a ríomhtar i gcomhréir leis an mír seo a áireamh ina gcaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1:”;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

“An tsuim dá dtagraítear sa chéad fhomhír ríomhfar í mar shuim an mhéid seo a leanas:

(a) i gcás risíochtaí atá faoi réir ualú priacail i gcomhréir le Caibidil 2 de Theideal II de Chuid a Trí, an tsuim (AB_{SA}) a ríomhtar i gcomhréir leis an bhfoirmle a leanas:

$$AB_{SA} = (A_{2,SA} - t_1) \times f_1 + (A_{4,SA} - t_2) \times f_2$$

nuair atá:

$A_{2,SA}$ = an tsuim a ríomhtar i gcomhréir le mír 2;

$A_{4,SA}$ = an tsuim a ríomhtar i gcomhréir le mír 4, bunaithe ar na suimeanna a ríomhtar i gcomhréir le mír 3;

f_1 = an fachtóir is infheidhme a leagtar síos i mír 6;

f_2 = an fachtóir is infheidhme a leagtar síos i mír 6a;

t_1 = an méadú ar chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de bharr in-asbhainteacht chánach shuim $A_{2,SA}$;

t_2 = an méadú ar chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de bharr in-asbhainteacht chánach shuim $A_{4,SA}$;

(b) i gcás risíochtaí atá faoi réir ualú priacail i gcomhréir le Caibidil 3 de Theideal II de Chuid a Trí, an tsuim (AB_{IRB}) a ríomhtar i gcomhréir leis an bhfoirmle a leanas:

$$AB_{IRB} = (A_{2,IRB} - t_1) \times f_1 + (A_{4,IRB} - t_2) \times f_2$$

nuair atá:

$A_{2,IRB}$ = an tsuim arna ríomh i gcomhréir le mír 2 arna choigeartú i gcomhréir le pointe (a) de mhír 5;

$A_{4,IRB}$ = an tsuim a ríomhtar i gcomhréir le mír 4, bunaithe ar na suimeanna a ríomhtar i gcomhréir le mír 3, suimeanna arna gcoigeartú i gcomhréir le pointí (b) agus (c) de mhír 5;

f_1 = an fachtóir is infheidhme a leagtar síos i mír 6;

f_2 = an fachtóir is infheidhme a leagtar síos i mír 6a;

t_1 = an méadú ar chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de bharr in-asbhainteacht chánach shuim $A_{2,IRB}$;

t_2 = an méadú ar an gcaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de bharr in-asbhainteacht chánach shuim $A_{4,IRB}$”;

(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

"(b) suim na gcaillteanas creidmheasa ionchasach don tréimhse 12 mhí arna cinneadh i gcomhréir le mír 5.5.5 den Iarscríbhinn a bhaineann le IFRS 9 agus méid an lamháltais caillteanais do chaillteanais chreidmheasa ionchasacha saoil arna cinneadh i gcomhréir le mír 5.5.3 den Iarscríbhinn a bhaineann le IFRS 9, cé is moite den lamháltas caillteanais do chaillteanais chreidmheasa ionchasacha saoil i gcás sócmhainní airgeadais a bhfuil fadhbanna creidmheasa acu mar a shainmhínítear in Aguisín A a ghabhann leis an Iarscríbhinn a bhaineann le IFRS 9 amhail ón 1 Eanáir 2020 nó ar an dáta a chuirfear IFRS 9 i bhfeidhm den chéad uair, cibé acu is déanaí.";

(c) i mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

"(c) maidir leis an tsuim a ríomhfar i gcomhréir le pointe (b) de mhír 3 den Airteagal seo, cuirfidh na hinstitiúidí ina hionad suim na gcaillteanas creidmheasa ionchasach don tréimhse 12 mhí arna cinneadh i gcomhréir le mír 5.5.5 den Iarscríbhinn a bhaineann le IFRS 9 mar aon le suim mhéideanna an lamháltais caillteanais do chaillteanais chreidmheasa ionchasacha saoil arna cinneadh i gcomhréir le mír 5.5.3 den Iarscríbhinn a bhaineann le IFRS 9 cé is moite den lamháltas caillteanais do chaillteanais ionchasacha saoil i gcás sócmhainní airgeadais a bhfuil fadhbanna creidmheasa acu, mar a shainmhínítear in Aguisín A a ghabhann leis an Iarscríbhinn a bhaineann le IFRS 9, amhail ón 1 Eanáir 2020 nó ar an dáta a chuirfear IFRS 9 i bhfeidhm den chéad uair, cibé acu is déanaí, lúide suim mhéideanna gaolmhara an chaillteanais ionchasaigh le haghaidh na risíochtaí céanna arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 158(5), (6) agus (10). I gcás inarb uimhir dhiúltach a thiocfaidh as an ríomh, socróidh an institiúid luach an mhéid dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 3 den Airteagal seo chun gur cothrom le nialas é.";

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

"6. Cuirfidh na institiúidí na fachtóirí seo a leanas i bhfeidhm f_1 chun suimeanna AB_{SA} agus AB_{IRB} dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) den dara fomhír de mhír 1 faoi seach a ríomh:

(a) 0,7 le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2020;

(b) 0,5 le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021;

(c) 0,25 le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022;

(d) 0 le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2024.

I gcás institiúidí ar tar éis an 1 Eanáir 2020 ach roimh an 1 Eanáir 2021 a thosóidh an bhliain airgeadais acu, déanfaidh siad na dátaí dá dtagraítear i bpointí (a) go (d) den chéad fhomhír a choigeartú chun go mbeidh siad ag comhfhreagairt don bhliain airgeadais acu, tuairisceoidh siad na dátaí coigeartaithe dá n-údarás inniúil, agus nochtfaidh siad go poiblí iad.

I gcás institiúidí a dhéanfaidh caighdeáin chuntasaíochta dá dtagraítear i mír 1 a chur i bhfeidhm an 1 Eanáir 2021 nó dá éis sin, is i gcomhréir le pointí (b) go (d) den chéad fhomhír a chuirfidh siad i bhfeidhm na fachtóirí ábhartha, ag tosú dóibh leis an bhfachtóir a chomhfhreagraíonn don bhliain a cuireadh na caighdeáin chuntasaíochta sin i bhfeidhm den chéad uair.";

(e) cuirtear isteach an mhír 6a seo a leanas:

"6a. Cuirfidh na institiúidí na fachtóirí seo a leanas i bhfeidhm f_2 chun na suimeanna AB_{SA} agus AB_{IRB} dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) den dara fomhír de mhír 1 faoi seach a ríomh:

(a) 1 le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2020;

(b) 1 le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021;

(c) 0,75 le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022;

(d) 0,5 le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023;

(e) 0,25 le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024.

I gcás institiúidí ar tar éis an 1 Eanáir 2020 ach roimh an 1 Eanáir 2021 a thosóidh an bhliain airgeadais acu, déanfaidh siad na dátaí dá dtagraítear i bpointe (a) go pointe (e) den chéad fhomhír a choigeartú chun go mbeidh siad ag comhfhreagairt don bhliain airgeadais acu, tuairisceoidh siad na dátaí coigeartaithe sin dá n-údarás inniúil féin, agus nochtfaidh siad go poiblí iad.

I gcás institiúidí a dhéanfaidh caighdeáin chuntasaíochta dá dtagraítear i mír 1 a chur i bhfeidhm an 1 Eanáir 2021 nó dá éis sin, is i gcomhréir le pointí (b) go (e) den chéad fhomhír a chuirfidh siad i bhfeidhm na fachtóirí ábhartha, ag tosú dóibh leis an bhfachtóir a chomhfhreagraíonn don bhliain a cuireadh na caighdeáin chuntasaíochta sin i bhfeidhm den chéad uair.";

(f) leasaítear mír 7 mar a leanas:

(i) scriostar pointe (b);

(ii) cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

"Nuair a dhéantar na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo agus i dTreoir 2013/36/AE a athríomh chun críoch na chéad fhomhíre, sannfar ualú priacail 100 % don tsuim AB_{SA} dá dtagraítear i bpointe (a) den dara fomhír de mhír 1.";

(g) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

"8. Le linn na dtréimhsí a leagtar amach i mír 6 agus i mír 6a den Airteagal seo, chomh maith leis an bhfaisnéis nach mór a nochtadh faoi Chuid a hOcht, na hinstitiúidí a chinn na socruithe idirthréimhseacha a leagtar amach san Airteagal seo a chur i bhfeidhm, nochtfaidh siad suimeanna a gcistí dílse, caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 agus caipiteal Leibhéal 1, cóimheas caipitil Ghnáthchothromas Leibhéal 1, cóimheas caipitil Leibhéal 1, an cóimheas caipitil iomlán agus an cóimheas luamhánaithe a bheadh acu i gcás nach gcuirfidís i bhfeidhm an tAirteagal seo.";

(h) leasaítear mír (9) mar a leanas:

(i) sa chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

"I gcás ina bhfuair institiúid cead roimh ré ón údarás inniúil, féadfaidh sí a cinneadh a fhreaschur le linn na hidirthréimhse.";

(ii) sa dara fomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt agus an tríú habairt:

I gcás den sórt sin, socróidh an institiúid A_4 agus t_2 dá dtagraítear i mír 1 chun gur cothrom le nialas é. I gcás ina bhfuair institiúid cead roimh ré ón údarás inniúil, féadfaidh sí a cinneadh a fhreaschur le linn na hidirthréimhse.";

(iii) cuirtear isteach na fomhíreanna seo a leanas:

"An institiúid a chinn na socruithe idirthréimhseacha a leagtar amach san Airteagal seo a chur i bhfeidhm, féadfaidh sí a chinneadh gan mír 2 a chur i bhfeidhm, agus sa chás sin, cuirfidh sí an cinneadh sin in iúl don údarás inniúil gan mhoill. I gcás den sórt sin, socróidh an institiúid A_2 agus t_1 dá dtagraítear i mír 1 chun gur cothrom le nialas é. Féadfaidh institiúid a cinneadh a fhreaschur le linn na hidirthréimhse ar choinníoll go bhfuair sí cead roimh ré ón údarás inniúil.

Tabharfaidh na húdaráis inniúla fógra do ÚBE, ar bhonn bliantúil ar a laghad, faoi chur i bhfeidhm an Airteagail seo ag institiúidí a thagann faoina maoirseacht.";

(3) cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

"Airteagal 500a
Láimhseáil shealadach ráthaíochtaí poiblí a bhaineann le paindéim COVID-19

De mhaolú ar Airteagal 47c(3), go dtí [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo + 7 mbliana] beidh feidhm ag na fachtóirí a leagtar amach in Airteagal 47c(4) freisin maidir leis an gcuid den risíocht neamhthuillmheach arna ráthú ag soláthraí incháilithe dá dtagraítear i bpointí (a) go (e) d'Airteagal 201(1), i gcás ina soláthraítear an ráthaíocht nó an fhrithráthaíocht mar chuid de bhearta tacaíochta chun cabhrú le hiasachtaithe le linn phaindéim COVID-19, ach sin a bheith faoi réir chomhlíonadh rialacha an Aontais maidir le Státchabhair, i gcás inarb infheidhme.

Airteagal 2
Leasuithe ar Rialachán (AE) 2019/876

Leasaítear Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2019/876 mar a leanas:

(1) cuirtear isteach an mhír 3a seo a leanas:

"3a. Beidh feidhm ag na pointí seo a leanas d'Airteagal 1 den Rialachán seo ó [dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo ó [dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo]:

(a) pointe (59), a mhéid a bhaineann le láimhseáil iasachtaí áirithe arna ndeonú ag institiúidí creidmheasa do phinsinéirí nó d'fhostaithe a leagtar síos in Airteagal 123 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(b) pointe (133), a mhéid a bhaineann leis na forálacha maidir le coigeartú ar risíochtaí priacail-ualaithe neamh-mhainneachtana ar FBManna a leagtar síos in Airteagal 501 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(c) pointe (134) a mhéid a bhaineann le coigeartú ar cheanglais cistí dílse maidir le priacal creidmheasa i gcás eintitis a oibríonn nó a mhaoiníonn struchtúir nó áiseanna, córais agus líonraí fisiciúla a chuireann seirbhísí poiblí ríthábhachtacha ar fáil nó a thugann tacaíocht dóibh a leagtar síos in Airteagal 501a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.";

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

"5. beidh feidhm ag pointe (46)(b) d'Airteagal 1 den Rialachán seo, a mhéid a bhaineann leis an gceanglas nua maidir le cistí dílse le haghaidh G-SIIanna a leagtar síos in Airteagal 92(1a) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ón 1 Eanáir 2023.";

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

"7. Beidh feidhm ag pointe (18) d'Airteagal 1 den Rialachán seo, a mhéid a bhaineann le pointe (b) d'Airteagal 36(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ina bhfuil an fhoráil maidir le díolúine ó asbhaintí sócmhainní bogearraí atá luacháilte go stuama, ó dháta theacht i bhfeidhm na gcaighdeán teicniúil rialála dá dtagraítear in Airteagal 36(4)de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.".

Airteagal 3
Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo ó [dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo] cé is moite den eisceacht leagtar síos i mír 3.

3. Ón 28 Meitheamh 2021, beidh feidhm ag pointe (1) d'Airteagal 1 den Rialachán seo, a mhéid a bhaineann leis na hathruithe ar Airteagal 429a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 2019/876, i ndáil leis an sásra frithchúitimh a ghabhann le heisiamh sealadach cúlchistí áirithe de chuid an bhainc ceannais.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*